An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Clár Foghlama Leibhéal 1 den tSraith Shinsearach: A Bheith Rannpháirteach sa Phobal

## Modúl Roghnach

I gcomhair comhairliúcháin

Samhain 2025

# Réamhrá

Is éard atá i gClár Foghlama Leibhéal 1 den tSraith Shinsearach (CFL1SS) raon de réimsí curaclaim, agus gach ceann acu deartha ar bhonn modúlach. Tá ceithre réimse curaclaim ag croílár CFL1SS: Uimhearthacht; Cumarsáid agus Litearthacht; Cúram Pearsanta; agus Sruthanna Roghnacha. Modúl Roghnach is ea A Bheith Rannpháirteach sa Phobal.

Modúl amháin atá in A Bheith Rannpháirteach sa Phobal. Ceapadh é le haghaidh 60 uair an chloig ar a laghad den am teagaisc/ranga ar feadh dhá bhliain.

| Teideal modúil | Am molta in uaireanta an chloig |
|---|---|
| A Bheith Rannpháirteach sa Phobal | 60 |

# Réasúnaíocht

Modúl Roghnach is ea A Bheith Rannpháirteach sa Phobal a thugann deiseanna fiúntacha do scoláirí a bheith rannpháirteach agus idirghníomhú go sóisialta mar bhall luachmhar dá bpobal. D'fhéadfadh tagairt a dhéanamh do phobal i gcomhthéacs an mhodúil seo mar theaghlach, baile, scoil, pobal áitiúil nó i gcoitinne an scoláire.

Leagann an modúl seo béim ar scileanna praiticiúla, oiriúnaitheacha agus idirghníomhú le daoine eile i ngnáthshuíomhanna. Tugtar tacaíocht do scoláirí a neamhspleáchas a bhaint amach trí ghníomhaíochtaí foghlama amhail roghanna a dhéanamh, gnáthaimh a leanúint nó tascanna a chur i gcrích. Cabhraíonn an fhoghlaim phobalbhunaithe le scoláirí taithí a fháil ar a scileanna neamhspleácha agus iad a fhorbairt[1] i suíomhanna fíorshaoil. Cuireann gníomhaíochtaí taithí oibre laistigh agus lasmuigh den scoil comhthéacsanna fíorshaoil ar fáil chun na scileanna seo a chleachtadh, a chinntíonn go bhfuil an fhoghlaim inaistrithe, ábhartha agus gur féidir í a chleachtadh i ngnáthshuíomhanna.

# Leanúnachas agus dul chun cinn

Tríd an modúl, cuirtear foghlaim agus eispéiris na scoláirí chun cinn i gcuraclam na Bunscoile agus san AFT A Bheith Rannpháirteach sa Phobal sa tsraith shóisearach agus tógtar orthu. Tacaítear le príomhscileanna ón tsraith shóisearach a fhorbairt agus a chur chun cinn, príomhscileanna a bhaineann le féinbhainistiú, le bheith ag fanacht folláin, le cumarsáid a dhéanamh, le bheith cruthaitheach, le bheith ag obair le daoine eile agus le heolas agus smaointeoireacht a bhainistiú. Tríd an modúl seo, cuirtear chun cinn freisin forbairt agus foghlaim i réimsí amhail litearthacht, uimhearthacht, teanga, comhordú luaile agus soghluaisteacht.

Is é is aidhm don mhodúl roghnach tacú le príomhinniúlachtaí sraithe sinsearaí na scoláirí, is iad sin, a bheith rannpháirteach sa tsochaí, bheith ag obair le daoine eile, cumarsáid, folláine a chothú, bainistiú foghlama agus féinbhainistiú, agus neamhspleáchas níos mó a chur chun cinn, agus braistint gaisce agus muiníne a sholáthar do na scoláirí ina gcuid foghlama. Tugtar deiseanna don scoláire a léiriú conas is féidir foghlaim a fhaightear anseo a bheith nasctha leis an bhfoghlaim roimhe seo, le modúil agus réimsí curaclaim eile, le gníomhaíochtaí na scoile i gcoitinne agus leis an saol lasmuigh den scoil, agus a chuid foghlama á cur i bhfeidhm i réimsí amhail Cumarsáid agus Litearthacht, Uimhearthacht, Cúram Pearsanta, Aire a Thabhairt do mo Thimpeallacht, Cócaireacht agus Réimse Sainspéise.

[1] Is éard atá i gceist le scileanna neamhspleácha, sa chomhthéacs seo, ná sealbhú agus cur i bhfeidhm inniúlachtaí praiticiúla a thugann deis do scoláirí bheith rannpháirteach as a stuaim féin sa mhéid is gur féidir i ngníomhaíochtaí laethúla. Cuimsíonn na scileanna seo fearainn amhail cúram pearsanta, cumarsáid, soghluaiseacht, idirghníomhú sóisialta, agus rannpháirteachas leis an bpobal trí fhoghlaim struchtúrtha, acmhainní oiriúnaithe, agus tacaíocht shaincheaptha.

Tá aistriú uilíoch i gceist leis an bhfoghlaim a fhaightear anseo thar réimsí iomadúla foghlama. Tá an méid sin ina chuidiú chun foghlaim a neartú agus inniúlacht na scoláirí a chur chun cinn chun cumarsáid a dhéanamh, idirghníomhú, bheith sóisialta, iad féin a chur in iúl, a gcuid mothúchán agus smaointe, peirspictíochtaí agus cruinneshamhail daoine eile a fhiosrú ar bhealaí éagsúla. Tríd sin tacaítear leis na scoláirí lasmuigh den scoil agus soláthraítear braistint gaisce agus muiníne dóibh de réir mar a aistríonn siad chuig saol na hoibre, an staidéir nó seirbhísí breise lasmuigh den scoil.

## Teagasc agus foghlaim

Leis an modúl seo, téann na scoláirí i ngleic lena bpobal trí fhoghlaim bunaithe ar eispéiris phraiticiúla agus fíorshaoil, ina gcothaítear príomhinniúlachtaí na scoláirí maidir le bheith rannpháirteach sa tsochaí, bheith ag obair le daoine eile agus maidir le cumarsáid.

Is féidir le múinteoirí tacú le rannpháirtíocht na scoláirí leis an modúl roghnach seo ag leibhéal cuí de réir láidreachtaí, spéiseanna agus riachtanais gach scoláire trí threoraíocht agus tacaíocht a chur ar fáil de réir mar a theastaíonn siad ó gach scoláire. Tá solúbthacht ag scoileanna gníomhaíochtaí a chur in oiriúint, le leibhéil éagsúla tacaíochta don scoláire, dá gcomhthéacs scoile ar leith, do chomhthéacs a bpobail agus do spéiseanna na scoláirí. Le linn oiriúnú ar bith, ba cheart go ndéanfaí breithniú ar riachtanais fhisiciúla gach scoláire lena n-áirítear riachtanais foghlama, chéadfacha agus chumarsáide. Cuireann oiriúnuithe, i gcás inar gá, le hinrochtaineacht agus méadaíonn siad rannpháirtíocht agus tá siad uathúil do gach scoláire agus gach comhthéacs scoile.

I dteannta na n-oiriúnuithe, d'fhéadfaí go mbeadh réamhtheagasc agus gnáthfhoghlaim riachtanach. Áirítear ar na samplaí seo, ach níl siad teoranta do:

- Rólimirt, ról a shamhaltú, idirghníomhuithe a chleachtadh ag baint úsáid as leideanna físiúla agus briathartha, siombailí nó gléasanna Cumarsáide Breisithí agus Malartaí (CBM) de réir mar is cuí
- Gníomhaíochtaí roghanna a dhéanamh: tascanna, poist nó turais phobail a roghnú
- Dul i ngleic le próisis chinnteoireachta faoi ghnéithe den saol ina bpobal
- Bheith ag obair le comhscoláirí chun tascanna grúpaí a chur i gcrích amhail pacáistí a chur le chéile, gairdín scoile a chur, nó sneaiceanna a ullmhú
- Cleachtadh a dhéanamh éadaí oiriúnacha a chaitheamh nó a roghnú amhail naprúin, miotóga
- Mála a phacáil do thuras, súil a choinneáil ar ghiuirléidí, sceideal físiúil an turais a thuiscint
- Gníomhaíocht fóillíochta a roghnú
- Rólimirt chéadfach: fíorábhair phobail a úsáid (boinn, cultacha, earraí bia)
- Turais phobail ilchéadfacha: bolaithe i mbácús, fuaimeanna i gcaifé, uigeachtaí in ionad garraíodóireachta a bhrath
- Taithí a fháil ar shuíomhanna difriúla pobail
- Seans go gcaithfí cleachtadh a dhéanamh ar thascanna oibre cúise agus tionchair amhail lasc a bhualadh chun cumascóir a chur ar siúl le linn cócaireachta, cnaipe a bhrú chun doras siopa a oscailt.

Cuireann deiseanna foghlama fíorshaoil eispéiris inrochtana agus fhiúntacha de shaol an phobail agus de shaol na hoibre i suíomhanna fíorshaoil ar fáil. Is ionann gach sampla rannpháirtíochta leis an bpobal agus deis foghlama fhéideartha. Cabhraíonn sé seo leis na scoláirí a gcuid foghlama a chur i bhfeidhm lasmuigh den seomra ranga agus blaiseadh a fháil de ghnéithe difriúla dá bpobal.

Dá réir sin, tacaítear le forbairt scileanna sóisialta agus cuirtear le cumas na scoláirí riachtanais agus roghanna a chur in iúl go héifeachtach.

Áirítear ar na samplaí seo, ach níl siad teoranta do:

- Cuairt a thabhairt ar shiopaí áitiúla
- Iompar scoile nó poiblí a úsáid
- Siúlóidí pobail
- Cuairteanna chuig leabharlanna agus bheith rannpháirteach in am scéalaíochta sa leabharlann
- Taithí oibre scoilbhunaithe
- Socrúcháin oibre thacaithe sa phobal
- Gníomhaíochtaí comhpháirtíochta: dul ag obair le gnóthaí áitiúla chun glacadh le scoláirí do "laethanta taithí" nó laethanta "obair sa chúlra"
- Tionscadail fiontraíochta: earraí ceardaíochta, cártaí nó earraí bácála a dhéanamh le díol ag díolachán/maidin chaife scoile, bheith rannpháirteach i bpacáistiú, táirgeadh agus díolacháin
- Scéimeanna athchúrsála: páipéar/plaisteach a bhailiú timpeall na scoile, ábhair a shórtáil, iad a sheachadadh chuig pointí athchúrsála
- Obair dheonach
- Cuireadh a thabhairt do agus fáilte a chur roimh chuairteoirí/aíonna go dtí an scoil.

# Modúl: A bheith rannpháirteach sa phobal

## Tuairisceoir modúil

Tá an modúl seo bunaithe ar ullmhúchán rangbhunaithe do rannpháirtíocht sa phobal atá struchtúrtha agus do thaithí oibre thacaithe. Cuirtear ar chumas na scoláirí maireachtáil go neamhspleách agus ullmhú don aistriú go dtí an saol lasmuigh den scoil. Cuirtear samplaí ar fáil sa mhodúl seo le machnamh a spreagadh. Seans nach bhfeilfeadh siad gach comhthéacs ná gach scoláire. Tá saoirse ag scoileanna gníomhaíochtaí foghlama a sholáthar atá cuí do chomhthéacs a gcuid scoláirí.

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí: |
|---|---|
| Folláine, sábháilteacht agus aoibhneas laistigh dá bpobal | a. aontú ar thacar tascanna riachtanacha agus ullmhúchán á dhéanamh ar thuras áitiúil<br>b. earraí riachtanacha a bhailiú do thuras áitiúil<br>c. a n-ainm nó a bpictiúr féin a aithint, agus iad léirithe i suíomhanna pobail (m.sh. cárta leabharlainne, pas bus, suaitheantas ainm)<br>d. baill iontaofa den phobal (m.sh., príomhoide, Garda, garda slándála, tiománaí bus) a shainaithint ó phictiúr nó ó chulaith<br>e. iompar sábháilte a léiriú ag trasnú bóthair (m.sh., stop ag an gcosán, fanacht le haghaidh comhartha glas)<br>f. slí ghearr a bhfuil cur amach acu uirthi a leanúint laistigh den phobal<br>g. dul ar agus tuirlingt de mhodh iompair (m.sh., bus, bus scoile)<br>h. ceann scríbe sa phobal a bhfuil cur amach acu air a aithint (m.sh., lógó siopa, comhartha páirceála)<br>i. seirbhísí pobail a bhfuil cur amach acu orthu a aithint (m.sh., clinic an dochtúra ghinearálta, siopa áitiúil)<br>j. gnásanna d'idirghníomhaíochtaí pobail a léiriú (m.sh., ciúáil, fanacht chun an bóthar a thrasnú)<br>k. freagracht a léiriú i ngníomhaíocht phobail (m.sh., bruscar a chur i mbosca bruscair, cabhrú chun láthair phicnicí a ghlanadh)<br>l. páirt a ghlacadh i dtascanna siopadóireachta (m.sh., sneaic nó deoch a roghnú)<br>m. imeacht amháin a roghnú seachas ceann eile i dtimpeallacht phobail (m.sh., caifé, linn snámha)<br>n. páirt a ghlacadh i bpróiseas íocaíochta |
| Idirghníomhú baile, scoile agus saphobal i gcoitinne | o. páirt a ghlacadh in imeachtaí nó i dtascanna struchtúrtha in ionad oibre (m.sh., beannú do dhaoine, cabhrú chun bord a réiteach)<br>p. cinnteoireacht a léiriú idir dhá thasc a thugtar (m.sh., roghnú cén custaiméir ar cheart freastal orthu ar dtús)<br>q. freagracht a ghlacadh as imeacht/tasc oibre (m.sh., uirlisí a iompar chuig spás oibre, trealamh a thabhairt ar ais)<br>r. comhghleacaithe oibre a bhfuil cur amach acu orthu agus a róil a aithint (cúntóir siopa, bainisteoir)<br>s. dul ag plé le próiseas cinnteoireachta i ngrúpa<br>t. rogha a chur in iúl maidir le gníomhaíocht nó ról oibre ar leith |

| | |
|---|---|
| | u. daoine fásta nó maoirseoirí iontaofa a shainaithint chun cúnamh nó treoir a fháil<br>v. dul i ngleic le gnáthaimh shimplí folláine agus sábháilteachta (m.sh., lámha a ní roimh ghníomhaíocht bhia, miotóga a chaitheamh agus garraíodóireacht á déanamh)<br>w. éadaí cuí agus éadaí oibre sábháilteachta a shainaithint do phost nó do thasc<br>x. míshuaimhneas nó diúltú a chur in iúl má mheastar go bhfuil gníomhaíocht nó cás contúirteach. |

